BEARTAS CHUN DOCHTÚIREACHTAÍ OINIGH OLLSCOIL LUIMNIGH A DHÁMHACHTAIN

Arna cheadú ag an Údarás Ceannais
Samhain 2005

Maidir leis an doiciméad seo agus aon aistriúchán foilsithe oifigiúil de, is ag an leagan Béarla a bheidh an forlámhas i gcás aon easaontacht léirithe a éireoidh

BEARTAS CHUN DOCHTÚIREACHTAÍ OINIGH OLLSCOIL LUIMNIGH A BHRONNADH

1. Réamhrá

1.1 Cheadaigh an tÚdarás Ceannais an beartas seo a leanas ag cruinniú M00-5 a tionóladh an 27 Meitheamh 2000. Rinne an tÚdarás athleasú air i Samhain 2003 chun socrú a dhéanamh chun an próiseas ceadaithe, chun Dochtúireachtaí Oinigh de chuid na hOllscoile a dhámhachtain, a dhéanamh níos gasta in imthosca eisceachtúla.

2. Cúlra Dlí

2.1 Tugtar le halt 27.2(f) d'Acht na nOllscoileanna, 1997, údarás don Ollscoil

> *"moltaí a dhéanamh maidir le hánrachtaí, scoláireachtaí, sparánachtaí, duaiseanna nó dámhachtainí eile a dhámhachtain".*

3. Treoirlínte Ginearálta

3.1 Ba chóir iarrthóirí le haghaidh dámhachtain Dochtúireachtaí Oinigh a roghnú ionas go dtugtar gradam do na hiarrthóirí is mó a thuill é agus nach ndéantar díluacháil ar dhámhachtainí gradamúla den sórt sin.

4. Earnálacha

4.1 Ba chóir ainmniúcháin le haghaidh Dochtúireachtaí Oinigh a bheith bunaithe ar cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:

- Gradam Acadúil;
- Éacht Eisceachtúil;
- Sársheirbhís don Ollscoil.

5. Critéir

5.1 Ba chóir na critéir seo a leanas a bheith infheidhme le linn ainmnithigh le haghaidh Dochtúireachtaí Oinigh a bhreithniú:

(i) Ba chóir éacht agus fiúntas pearsanta a bheith mar phríomhchritéir.

(ii) Ba chóir an chéim a dhámhachtain ar dhaoine mór le rá sna healaíona, sna heolaíochtaí, sa ghnó, sa tionscal, sna gairmeacha, sa spórt, sa tseirbhís shóisialta agus phoiblí go náisiúnta nó go hidirnáisiúnta.

(iii) Tá sé inmhianaithe go mbeidh baint éigin ag iarrthóirí le hÉirinn agus/nó le hOllscoil Luimnigh.

(iv) Déanfar iarrthóirí a roghnú ag féachaint go cuí do na prionsabail arb éard iad cuimsiú sóisialta agus cothromaíocht inscne.

Maidir leis an doiciméad seo agus aon aistriúchán foilsithe oifigiúil de, is ag an leagan Béarla a bheidh an forlámhas i gcás aon easaontacht léirithe a éireoidh

(v) Níor chóir céimeanna oinigh a bhronnadh ar dhuine d'aontoisc ar bhonn tabhartas d'aon chineál arna ndéanamh leis an Ollscoil.

(vi) Níor chóir céimeanna oinigh a bhronnadh ar phearsana aonair atá ag gabháil go gníomhach don pholaitíocht nó don tseirbhís phoiblí in Éirinn le linn dóibh a bheith ag gabháil don chéanna amhlaidh.

(vii) Níor chóir céimeanna oinigh a bhronnadh ar dhuine le linn an duine sin a bheith ina bhall nó ina ball d'fhoireann teagaisc, d'fhoireann nó d'Údarás Ceannais na hOllscoile.

6. Teideal na nDámhachtainí

6.1 Céimeanna atá le dámhachtain:

Dochtúir Eolaíochta Eacnamaíochta (D.Econ.Sc)	-	*honoris causa*
Dochtúir Innealtóireachta (D. Eng)	-	*honoris causa*
Dochtúir Dlíthe (LL.D.)	-	*honoris causa*
Dochtúir Léinn (D.Litt.)	-	*honoris causa*
Dochtúir Eolaíochta (D.Sc.)	-	*honoris causa*.

7. Líon na nDámhachtainí

7.1 Níor chóir de ghnáth gur mhó líon na ndámhachtainí ná ceithre cinn in aon bhliain féilire. D'fhéadfaí níos lú ná sin a dhámhachtain blianta áirithe. Ba chóir cothromaíocht idir na disciplíní éagsúla a bhaint amach thar thréimhse ama.

8. Próiseas

8.1 Déanfaidh comhchoiste a bheidh comhdhéanta den Údarás Ceannais agus den Chomhairle Acadúil, agus ar a dtabharfar "an Comhchoiste um Dhochtúireachtaí Oinigh", breithniú ar ainmniúcháin le haghaidh dámhachtainí Dochtúireachtaí Oinigh, agus is iad seo a leanas a bheidh ar an gcoiste sin:

An Seansailéir (Cathaoirleach)
Beirt ainmnitheach ón Údarás Ceannais
Beirt ainmnitheach ón gComhairle Acadúil
An tUachtarán
An Cláraitheoir & Rúnaí Corparáideach.

8.2 Iarrfar ar bhaill den Údarás Ceannais agus den Chomhairle Acadúil ainmneacha iarrthóirí a chur isteach gach bliain féilire lena mbreithniú ag an gCoiste um Dhochtúireachtaí Oinigh.

8.3 Breithneoidh an Coiste um Dhochtúireachtaí Oinigh freisin ainmniúcháin a gheofar ón gCampas agus ón bpobal trí chéile.

Maidir leis an doiciméad seo agus aon aistriúchán foilsithe oifigiúil de, is ag an leagan Béarla a bheidh an forlámhas i gcás aon easaontacht léirithe a éireoidh

8.4 Déanfar an rúndacht a urramú go cruinn. Ní chuirfear an t-ainmnitheach ar an eolas maidir leis an togra.

8.5 Breithneoidh an Chomhairle Acadúil moltaí ón gComhchoiste um Dhochtúireachtaí Oinigh. Cuirfidh an Comhchoiste um Dhochtúireachtaí Oinigh moladh ansin faoi bhráid an Údaráis Ceannais lena cheadú.

8.6 Níor chóir de ghnáth céimeanna oinigh a bhronnadh *in absentia*.

8.7 Níor chóir céimeanna oinigh a bhronnadh in áit seachas ar an gcampas ach amháin in imthosca eisceachtúla.

8.8 Beidh formáid Searmanas Bronnta leagtha amach i Nósanna Imeachta Coimhdeacha.

9. Próiseas Ceadaithe Dochtúireachtaí Oinigh a Dhéanamh níos Gasta

9.1 Chomh maith le cloí leis na critéir chun Dochtúireacht Oinigh a dhámhachtain atá leagtha amach i Roinn 5 thuas, beidh an próiseas ceadaithe Dochtúireachtaí Oinigh níos gasta mar a leanas infheidhme in imthosca eisceachtúla:

- Déanfaidh an Seansailéir, tar éis dul i gcomhairle leis an Uachtarán, cruinniú éigeandála de Chomhchoiste an Údaráis Ceannais/na Comhairle Acadúla um Dhochtúireachtaí Oinigh a thionól. I gcás nach bhfuil baill den Choiste ar fáil chun freastal ar an gcruinniú faoi ghearrfhógra, ansin déanfar an t-ainmniúchán le haghaidh dámhachtain Dochtúireachta Oinigh a scaipeadh ar bhaill den Choiste agus déanfar breithniú ar thuairimí na mball a ghabháil de láimh ar an teileafón.

- I gcás ina gcomhaontóidh na baill den Choiste gur chóir Dochtúireacht Oinigh a dhámhachtain, ansin déanfaidh an Seansailéir, tar éis dul i gcomhairle leis an Uachtarán, dámhachtain na Dochtúireachta Oinigh a cheadú.

- Cuirfear litir chuig na baill den Chomhairle Acadúil agus den Údarás Ceannais láithreach á chur in iúl dóibh an cinneadh chun Dochtúireacht Oinigh a dhámhachtain. Glacfar nóta maidir leis an gcinneadh i miontuairiscí na gcruinnithe den Chomhairle Acadúil agus den Údarás Ceannais a bheidh ann ina dhiaidh sin.

Maidir leis an doiciméad seo agus aon aistriúchán foilsithe oifigiúil de, is ag an leagan Béarla a bheidh an forlámhas i gcás aon easaontacht léirithe a éireoidh